

## Bileog 2.1

**Foinse:** Vifax Ardleibhéal: <http://vifax.nuim.ie/20141209ard.mp4>

**Dáta:** 9 Nollaig 2014

### Eimear Ní Chonaola

Inniu an spriocdháta a bhí ag Banc Ceannais na hÉireann le glacadh le haighneachtaí faoin bpróiseas comhairliúcháin atá ar bun i dtaobh rialacha nua morgáiste. De réir na rialacha<sup>1</sup> nua atá molta ag an mBanc Ceannais, beidh ar cheannaitheoirí 20% de luach an tí a bheith mar éarlais acu le morgáiste a fháil.

### Caoimhe Ní Laighin

D'fhógair an Banc Ceannais an moladh seo ar dtús i mí Dheireadh Fómhair. Is éard atá i gceist leis an moladh ná go mbeadh ar dhaoine ar mian leo teach a cheannach éarlais de 20% de luach an tí a bheith acu. Abair, mar shampla sa gcás<sup>2</sup> go mbeadh trí chéad míle euro le híoc ar theach, bheadh ar cheannaitheoir éarlais de sheasca míle euro a bheith aige sula dtabharfadh banc morgáiste dó. Tá sé seo á dhéanamh le nach mbeidh bolgán eile sa mhargadh tithíochta, a deir an Banc Ceannais. Inniu an spriocdháta chun glacadh le haighneachtaí mar chuid de phróiseas comhairliúcháin atá ar bun ag an mBanc Ceannais maidir leis an moladh seo. Ach tá sé ina chnámh spairne. Tá an rialtas tar éis a rá go gcreideann siad go mbeadh an riail seo ródhian ar dhaoine, agus chuir grúpa nua darb ainm dóibh<sup>3</sup> *Uplift* achainí faoi bhráid an Bhainc Ceannais inniu le héileamh orthu gan an moladh a chur i bhfeidhm. Deir siad go gcruthódh sé níos mó fadhbanna ná mar a réiteodh sé.

### Conall Ó Mórán, Saineolaí Airgeadais

Ní féidir mórán a dhéanamh mar tá siad ag cur laidhre isteach sa bhfarraige, agus loiteann sé sin rud éigin áit éigin. Má thugann tú seans do dhaoine tithe a cheannach, tá sé sin go breá ach cuireann sé sin praghsanna in airde. Ach mura dtugann tú seans dóibh tithe a cheannach fanfaidh siad ina gcuid árasán ar cíos agus níl seans ag daoine dul isteach in árasáin faoi láthair mar níl siad ann. Tá bealach amháin gur féidir leis an rialtas déileáil leis seo, agus ní hé go gcuirfidís siúd an méid seo ar fáil, ach is féidir árachas a fháil ar mhorgáistí. Tá siad ar fáil sna Stáit Aontaithe agus an rud a dhéanann siad ansin ná cuireann tú árachas ar phraghas an tí agus dá dtitfeadh an praghas sin, *say*, 10% nó 20%, dhíolfadh<sup>4</sup> an comhlacht árachais as sin.

### Caoimhe Ní Laighin

Tá an moladh le teacht i bhfeidhm i mí Eanáir. Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

<sup>1</sup> rialacha atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>2</sup> sa gcás a deirtear i gcanúint Chonnacht, sa chás a deirtear sna canúintí eile.

<sup>3</sup> darb ainm *Uplift* nó arb ainm dóibh *Uplift* - Tá canúintí ann, i gCúige Mumhan go háirithe, agus chloisfeá an 'do' faoi dhó: 'grúpa darb ainm dóibh *Uplift*.' B'fhearr sin a sheachaint sa teanga chaighdeánach.

<sup>4</sup> díolfadh a deirtear

## Bileog 2.4

**Foinse:** RnaG (Ar fail ag: [02\\_04.mp3](#))

**Clár:** Barrscéalta

**Dáta:** 10 Meán Fómhair 2008

### Áine Ní Churráin

An scéal mór atá san *Irish Mirror* ar maidin inniu ná go bhfuil spéis ag an amhránaí mór le rá Michael Jackson sa suíomh ar an, ar oileán Inis Caoil atá amach ó chósta An Fhearhainn anseo sa chontae a cheannach agus tús a chur le feirm orgánach a thioseacht ann. Tá meas mór, ráite, aige ar Éirinn. Is maith leis an áit go mór agus tá suim aige i gcúrsaí feirmeoireachta, mar go raibh an fheirm a bhí aige in Neverland in California, gur lig sé amach ar léas í (*é* a deirtear) le roinnt feirmeoirí sa cheantar sin roimhe seo, agus pléifimid inniu úinéireacht chuid den oileán seo agus an suíomh áirithe seo ar an chlár le Máirtín Ó Faoláin. Agus ag an am sin mheas muid nó shíl muid go raibh *Dúchas* leis na 57 acra a cheannach agus a chaomhnú. Anois, tá Máirtín Ó Faoláin liom ar líne theileafóin<sup>5</sup> ón Fhearhainn. Dia duit, a Mháirtín.

### Máirtín Ó Faoláin

Dia is Muire duit ar maidin, a Áine.

### Áine Ní Churráin

Anois, a Mháirtín, an bhfuil mórán cainte faoin phobal, faoin scéal seo, go bhfuil Michael Jackson agus a theaghlach le theacht agus cónaí agus tús a chur le feirm orgánach ar an oileán?

### Máirtín Ó Faoláin

Bhuel, níl muid ag caint faoi go háitiúil anseo mar bhí mise thart ar an cheantar uilig le trí lá anuas agus fiú amháin ar maidin inniu bhí mé ag oifig an phoist agus chuaigh mé isteach chuig na comharsana is giorra dom sula dtáinig mé ar an chlár agat agus sin an chéad rud a chuala siad faoin ábhar seo nuair a luaigh mise leo é. Agus á...nuair a fuair an bhean áitiúil, ar léi an talamh, bás anuraidh, rinne na gaolta nach bhfuil ina gcónaí sa cheantar seo cinneadh an talamh a dhíol. Agus thuig muidne go háitiúil, ag an am go raibh *Dúchas* leis an áit a cheannach agus go raibh sé ansin a chóir a bheith curtha i gcríoch. Agus bhí pobal na háite iontach ríméadach faoi sin, ach is léir nár tharla sé. Ach ó na tuairiscí seo anois atá sa pháipéar, tá rud inteacht eile ag tarlú. Bhuel, tá sé ar díol anois arís. Ach...mmm...theastódh a leithéid de Michael Jackson a theacht go dtí an áit tar éis an samhradh turasóireachta a bhí againn. Agus, ach, níl aon chaint air go háitiúil a Áine, níl.

### Áine Ní Churráin

Anois, rinne duine áitiúil, de réir an ailt seo, a Mháirtín, tairiscint de €350,000 don suíomh. An raibh eolas agaibh faoi sin – go raibh tairiscint áitiúil don suíomh seo?

### Máirtín Ó Faoláin

Cha raibh, cha raibh. Is píosa breá talaimh atá ann, gan dabht. Ach talamh do chaoirigh agus do bheithígh...mmm...téann siad amach ansin ag tús, abair, aimsir an fhómhair, agus béarfar ansin isteach iad aimsir...á...tús an tsamhraidh lena ndíol<sup>6</sup> nó le cur ar an mhargadh, agus á, ach ní raibh duine ar bith ina gcónaí ar an dtaobh seo den oileán mar níl foscadh ar bith ann. An áit a raibh na daoine ina gcónaí ar oileán Inis Caoil, bhí sé ar an taobh is giorra den tír mhór. Agus *em*, agus an teaghlach deireanach a bhí ansin - clann Bairéad - d'fhág siad in 1890 agus tháinig siad isteach agus tá siad scaipthe thart ar cheantar na Fearhainne agus Port Nua anois. Agus, rinneadh suas an seanteach a bhí acu sin agus is teach oidhreachta atá anois ann. Is féidir siúl isteach ar an oileán nuair atá trá mhór ann. Ach, ar thaobh na coda<sup>7</sup> seo den oileán a bhí ar díol, nó tairiscint a bheith faighte, nó ainm Michael Jackson a bheith luaite, níl rud ar bith cloiste againne go háitiúil faoin ábhar.

<sup>5</sup> *teileafóin* a deirtear

<sup>6</sup> *lena dhíol* a deirtear

<sup>7</sup> *an chuid* a deirtear